

Príomhathruithe Leasa Shóisialta agus Rátaí Nua Íocaíochta

Séamus Brennan, Aire Gnóthaí Sóisialacha

Maolú ar Bhochtaine Leanaí

Infheistiú thar €240 milliún i réimse beart €60 milliún de bhreis mar íocaíochtaí dírithe ar 342,000 leanaí i dteaghlaigh Méadú ar an Liúntas seachtainiúil do Leanaí Cáilithe (dá ngairtí LCL tráth) go €22 i mbeart nua dírithe ar leanaí, mar aon le pacáiste sochar linbh €140m Méadú suas le €185 ar an tairseach ioncaim in aghaidh na seachtaine i gcomhair FIS Méaduithe (50%) €60 agus €95 sa Liúntas Ar Ais ar Scoil Maoiniú breise €3 milliún le cur le béilí scoile Ardú go dtí €400 ar an tairseach ioncaim do Theaghlaigh Aontuiste

Mná/Pinsin

- Gealltanas €60 milliún chun Daoine Fásta Cáilithe (DFCanna) a thabhairt go dtí an leibhéal céanna le Pinsean Stáit laistigh de 3 bliain
- Méadú thar €23 sa chéad bhliain do DFCanna thar 66
- Pinsinéirí DFC le hÍoc go díreach, ina gcumas féin

Ardú €1.4 billiún i bPacáistí Tacaíochta Leasa Shóisialaigh

- Caiteachas iomlán €15.3 billiún i 2007 chun leasa thar 1.5 milliún duine
- Ardú beagnach trí hoiread ráta an bhoilscithe ar íocaíochtaí
- €1 as gach €3 a chaitheann an Rialtas ó lá go lá le caitheamh ar leas sóisialach
- Pacáistí leasaithe dírithe ar thacaíocht do phinsinéirí, do mhná, ar mhaolú bochtaine leanaí, ar luach saothair do chúramóirí, ar chabhair do dhaoine faoi mhíchumas agus ar ar bhearta gníomhachtaithe
- Méadú €20 sa tseachtain ar na rátaí is ísle

A c h o i m r e d e n C h á i n a i s n é *is*

Faoiseamh Breosla agus Fuinnimh

An Liúntas Breosla méadaithe faoi dhó laistigh de dhá bhliain go dtí €18 in aghaidh na seachtaine, mar aon le níos mó ná €50 milliún mar dhíon in aghaidh arduithe ar phraghsanna an leictreachais agus an gháis do dhaoine leochaileacha

Sochar Míchumais

An Liúntas Míchumais leathnaithe do gach duine a chónaíonn in institiúid. Maoiniú do sheirbhís phearsanta abhcóideachta. Méadú €30,000 ar an díolúine caipitil do Liúntas Míchumais

Sochar Máithreachais

Méadú go dtí €350 ar an tairseach ioncaim in aghaidh na seachtaine agus ráta nua íocaíochta €280 in aghaidh na seachtaine do Shochar Máithreachais & Uchtaithe

Tacaíocht um Méala

Méadú €1,300 ar an Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach é/í, a thugann suas go dtí €4,000 é. Méadú €215 ar an Deontas Méala, a thugann suas go dtí €850

Aitheantas do Chúramóirí

Pacáiste tacaíochta €107 milliún – Liúntas méadaithe go dtí €218 in aghaidh na seachtaine Íocaíocht nua leathráta Liúntas Cúramóra do dhaoine i dteideal íocaíochtaí eile Leasa Shóisialaigh Deontas um Fhaoiseamh Cúram suas €300, go dtí €1,500 Maolú ar an tástáil acmhainne do Liúntas Cúramóra Méadú ar an tairseach ioncaim do Shochar Cúramóra méadaithe go dtí €320 sa tseachtain €500,000 do Chumainn Cúramóirí

Ag tacú le Daoine Scothaosta

Méaduithe chun leasa 400,000 pinsinéir Arduithe €16 & €18 sa ts. ar Phinsin Stáit, a thugann suas go dtí €209.30 & €200 sa tseachtain iad Méaduithe thar €23 do 35,500 Pinsinéir atá ina nDaoine Fásta Cáilithe An Pas Saorthaistil do Chompánach arna leathnú go dtí daoine idir 66 agus 74 An Scéim Liúntas Gutháin chun gutháin phóca a chlúdach Méadú faoi dhó, go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, ar an tuilleamh ceadaithe fostaíochta maidir le Pinsean (Neamh-Ranníocach) Stáit

FÍRICÍ AGUS SONR AÍ LEANAÍ

- Méadú €10 in aghaidh na míosa ar na rátaí arda agus isle do Shochar Linbh
 - Rátaí míosúla nua €160 agus €195 **(Aibreán 2007)**
 - Na trí Liúntas do Leanbh Cáilithe (dá ngairtí an Liúntas Cleithiúnaí Linbh) á dtabhairt le chéile in aon ráta níos airde amháin €22 in aghaidh na seachtaine **(Eanáir 2007)**
 - Méaduithe idir €15 agus €185 in aghaidh na seachtaine maidir le Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, ag brath ar líon na ndaoine sa teaghlach **(Eanáir 2007)**
 - Méadú €60 in aghaidh an linbh go dtí €180 do leanaí 2-11 d'aois agus méadú €95 go dtí €285 do leanaí 12-22 d'aois ar an Liúntas Éadaí agus Coisbheart Ar Ais Ar Scoil **(Meitheamh 2007)**
 - Maoiniú breise €3m le cur le Scéim na mBéilí Scoile **(2007)**
 - Díolúine le déanamh den Íocaíocht do Chaomhnóir (idir Ranníocach agus Neamh-Ranníocach) as an measúnú don Fhorlíonadh Leasa Shóisialaigh agus don Fhorlíonadh um Chíos nó Ús Morgáiste **(Mí na Bealtaine 2007)**
- Méadú ar thairseach ioncaim do chéile chun dul i dteideal leathráta den Liúntas do Leanbh Cáilithe, mar atá, méadú €50, ó €350 go €400 in aghaidh na seachtaine, do lucht faighte na n-íocaíochtaí seo a leanas: Sochar Lucht Lorgtha Oibre, Sochar Tinnis, Sochar um Ghortú agus Sochar Sláinte & Sábháileachta **(Eanáir 2007)**

TACAÍOCHT IONCAIM

Méadú €20, go dtí níos mó ná €185.80 in aghaidh na seachtaine, chun leasa na ndaoine seo a leanas:

- Daoine faoi aois 65 a bhfuil Pinsean Easláin á fháil acu
- Daoine a bhfuil Pinsean Neamh-Ranníocach Baintrí á fháil acu agus mná a bhfuil Liúntas Mná Céile Tréigthe á fháil acu
- Pinsean Buanmhíchumais
- Sochar & Liúntas Lucht Lorgtha Oibre

- Sochar Breoiteachta
- Liúntas Míchumais
- Pinsean Daill
- Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh
- Cúnadh Feirme
- Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste

Méadú €19.10, go €213.70 in aghaidh na seachtaine, maidir le Sochar Báis do Phinsinéirí faoi 66 bliain d'aois

Méadú €20, go dtí €158 in aghaidh na seachtaine, ar íocaíochtaí Caomhnóra **(Eanáir 2007)**

(Is le híocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

DAOINE AR SCOR AGUS DAOINE SCOTHAOSTA

Méadú €16, go dtí níos mó ná €209 in aghaidh na seachtaine, do na pinsinéirí seo a leanas:

- Pinsean (Ranníocach) Stáit
- Pinsean (Eatramhach) Stáit
- Daoine thar aois 65 a bhfuil Pinsean Easláin á fháil acu
- Pinsean Ranníocach Baintrí, idir Fhir & Mhná do lucht a fhaighte thar aois 66
- Sochar Mná Céile Tréigthe do lucht a fhaighte thar aois 66
- Sochar Báis do lucht a fhaighte thar aois 66

(Eanáir 2007)

Méadú €18, go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, do dhaoine a bhfuil Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) á fháil acu

(Eanáir 2007)

(Is le híocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

- Méadú €10, go dtí €30 in aghaidh na seachtaine, ar an díolúine um acmhainní maidir le Pinsean (Neamh-Ranníocach) Stáit
- Méadú €100, go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, ar an díolúine um thuilleamh fostaíochta maidir le Pinsean

(Neamh-Ranníocach) Stáit

- Díolúine maidir le suim ar bith d'fharasbarr de Phinsean Stáit a sháraíonn an ráta don Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh agus teideal le haghaidh Forlíonadh um Chíos nó Ús Morgáiste á ríomh

(Eanáir 2007)

- Teideal maidir le Pas Saorthaistil do Chompánach do dhaoine idir 66 agus 74 agus an dá aois sin san áireamh, i gcás daoine le deimhniú liachta a deir nach féidir leo taisteal ina n-aonar

(Márta 2007)

- An Scéim Liúntas Guthán a leathnú do ghutháin phóca

(Aibreán 2007)

AG TACÚ LE CÚRAMÓIRÍ

- Méadú €18, go dtí €218 in aghaidh na seachtaine, do dhaoine 66 bliain d'aois agus thairis a bhfuil Liúntas Cúramóra á fháil acu
- Méadú €20, go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, do dhaoine faoi 66 bliain d'aois a bhfuil Liúntas Cúramóra nó Liúntas Buanfhreastail á fháil acu

(Eanáir 2007)

- Méadú €300, go dtí €1,500, ar an Deontas um Fhaoiseacmh Cúraim do gach duine faoi chúram

(Meitheamh 2007)

- Méadú €30/€60, go dtí €320 (singil) agus €640 (lánúin) ar an díolúine ioncaim in aghaidh na seachtaine do Liúntas Cúramóra
- Méadú €30, go dtí €320 in aghaidh na seachtaine, ar an tairseach tuillimh chun cáiliú maidir le Sochar Cúramóra **(Aibreán 2007)**
- Íocaíocht nua á tabhairt isteach, faoi réir ag scrúdú acmhainne, dár luach suas le leathráta Liúntas Cúramóra do dhaoine áirithe i dteideal íocaíocht eile Leasa Shóisialaigh **(Meán Fómhair 2007)**

DAOINE IN AOIS OIBRE

Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste

- Méadú €25, ó €375 go dtí €400 in aghaidh na seachtaine, ar an

tairseach ioncain roimh theacht i dteideal na hÍocaíochta do Theaghlach Aontuiste

(Mí na Bealtaine 2007)

- Soláthar maidir le ranníocaíochtaí chun sochair do dhaoine a mbíonn Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste á fáil acu agus a ghlacann am ón obair tar éis breith linbh

(Aibreán 2007)

Liúntas Lucht Lorgtha Oibre/ PRETA/ Liúntas Míchumais /Cúnamh Feirme

- Díolúine um thuilleamh laethúil €20 in aghaidh an lae le tabhairt isteach do thréimhse nach mó ná 3 lá in aghaidh na seachtaine maidir le Liúntas Lucht Lorgtha Oibre agus maidir le Cúnamh Feirme, i gcás lucht a bhfaighte a bhfuil leanaí acu
- Méadú €7.30, ó €12.70 go dtí €20, ar an díolúine um thuilleamh laethúil maidir le Liúntas Lucht Lorgtha Oibre agus maidir le Cúnamh Feirme, i gcás lucht a bhfaighte nach bhfuil leanaí acu
- Leasú ar an measúnú maidir le tuilleamh céile, do dhaoine a bhfuil Liúntas Lucht Lorgtha Oibre /PRETA /Liúntas Míchumais /Cúnamh Feirme á fháil acu

(Meán Fómhair 2007)

Sochar Máithreachais & Uchtaithe

- Méadú ó €332 go dtí €350, ar an tairseach um thuilleamh ináirithe in aghaidh na seachtaine maidir le teideal chun Sochar Máithreachais agus Uchtaithe a cheanglaítear le tuilleamh
- Méadú €25.20 ar an íosráta, go dtí €207.80 in aghaidh na seachtaine

(Eanáir 2007)

- 4 seachtain breise curtha le Saoire Máithreachais, .i. go 26 seachtain

(Márta 2007)

Forlíonadh um Chíos & Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh

- Cead ag daoine a mbíonn Forlíonadh Cíos a fháil acu agus iad ar liosta tithíochta ag Údarás Áitiúil faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos fostaíocht lánaimseartha a ghlacadh gan a dteideal a chailliúint maidir le Forlíonadh um Chíos
- Méadú ar an díolúine don tairseach ioncain teaghlaigh a bhaineann le Forlíonadh um Chíos

do dhaoine

- a ghlacann le fostaíocht pháirtaimseartha
 - a thapaíonn deis fostaíochta
 - a mbíonn íocaíocht um chothabháil á fáil acu maidir le 50% d'ioncam breise ar bith, suas go dtí €200 in aghaidh na seachtaine, faoi réir ag díolúine iosta €75
- Méadú ó €520 go dtí €5,000 ar an díolúine caipitil maidir le teideal d'Fhorlíonadh um Chíos nó Ús Morgáiste agus Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh, mar aon le leasú ar an modh measúnaithe, ag teacht le scéimeanna eile

(Aibreán 2007)

Liúntas Ar Ais Ag Obair

- Teideal a leathnú go dtí daoine ar Liúntas Lucht Lorgtha Oibre ar feadh 2 bliain nó níos mó ar ráta seachtainiúil faoi bhun €50.79 (singil) or €78.72 (lánúin)

(Márta 2007)

Liúntas Ar Ais Chun Oideachais

- Laghdú ó 3 go dtí 2 bliain ar an tréimhse chun cáiliú do Shochar Tinnis

- Teideal a leathnú go dtí daoine a ligtear chun siúil de bharr na hiomarcaíochta, ar an gcoinníoll go mbíonn teideal acu maidir le hiomarcaíocht reachtúil agus maidir le híocaíocht leasa shóisialaigh

(Meán Fómhair 2007)

Clár Ar Ais Chun Oideachais

- Teideal chun €32 in aghaidh na seachtaine maidir le Costais As Póca do gach duine a ghlacann páirt sa rogha um Oideachas, Oilíúint & Forbairt sa Chlár Ar Ais Ag Obair

(Mí na Bealtaine 2007)

Sochar Lucht Lorgtha Oibre

- Méadú €31,054, go dtí €50,000, ar an tairseach a bhaineann le híocaíochtaí iomarcaíochta maidir le dícháiliú do theideal chun Sochar Lucht Lorgtha Oibre do thréimse suas le 9 seachtain

(Feabhra 2007)

Sochar Tinnis & Sochar Lucht Lorgtha Oibre

- Cead ag daoine a mbíonn Liúntas nó Sochar Cúramóra nó Liúntas Lucht Lorgtha Oibre á fháil acu a mbíodh Sochar Tinnis nó Lucht Lorgtha Oibre á fháil acu roimis filleadh ar an íocaíocht sin ar an ráta céanna is a bhí acu cheana, más chun a leasa a bheadh sé sin
- Cead ag daoine ag fáil Sochar Tinnis ar feadh 2 bliain agus a ghlacann le fostaíocht do thréimhse níos lú ná 26 seachtain filleadh ar an Sochar Tinnis a raibh siad ina theideal ar an ráta céanna is a bhí acu roimis sin

(Mí na Bealtaine 2007)

Sochar Mná Céile Tréigthe

- An t-uasráta pearsanta a íoc, faoi réir ag coinníollacha ranníocaíochta, i gcás nach dtéann an t-ioncam bliantúil thar €20,000
- Íocaíocht eatramhach a thabhairt isteach mar leathráta den Sochar Mná Céile Tréigthe ar feadh 6 mí, i gcás nach dtéann ioncam bliantúil an fhaighteora thar €20,000

(Mí na Bealtaine 2007)

DAOINE FAOI MHÍCHUMAS Liúntas Míchumais

- Teideal chun an lánráta €185.80 den Liúntas Míchumais a leathnú go dtí gach duine a chónaíonn in institiúid
- Teideal maidir leis an Deontas Báis a leathnú go dtí neasghaolta lucht faighte Liúntas Míchumais idir 16 agus 22 bliain d'aois

(Mí na Bealtaine 2007)

- Méadú €30,000, ó €20,000 go dtí €50,000, ar an díolúine caipitil maidir le Liúntas Míchumais

(Meitheamh 2007)

Seirbhís Abhcóideachta do Dhaoine Faoi Mhíchumas

- Maoiniú breise €1.9m i gcomhair Comhairle chun seirbhís phearsanta abhcóideachta a fhorbairt mar mhaithe le daoine faoi mhíchumas agus chun an Plean Earnála um Míchumas a chur i bhfeidhm

(2007)

DAOINE FÁSTA CÁILITHE

- Méadú speisialta €23.70 in aghaidh na seachtaine i gcomhair DFCanna 66 bliain d'aois agus thairis maidir le Pinsean (Ranníocach) Stáit, le Pinsean (Eatramhach) Stáit agus le Pinsean Easláin, lena dtabhairt, thar na trí bliana atá romhainn, go dtí an leibhéal céanna leis an bPinsean (Neamh-Ranníocach) Stáit
(Eanáir 2007)
 - Soláthar maidir leis an teideal atá ag duine fásta cáilithe don Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe do thréimhse ar aon dul le Pínsinéir Stáit. An LDFC a íoc go díreach le daoine fásta cáilithe de chuid Pínsinéirí Stáit
(Meán Fómhair 2007)
 - Méadú €30, ó €250 go dtí €280 in aghaidh na seachtaine, ar an uasteorainn maidir le teideal chun íocaíochtaí céimnithe LDFC
 - Méadú €10.70 in aghaidh na seachtaine do DFCanna faoi aois 66 ag fáil Pinsean (Ranníocach) Stáit agus Pinsean (Eatramhach) Stáit
 - Méadú €11.90 in aghaidh na seachtaine ar an bPinsean (Neamh-Ranníocach) Stáit
 - Méadú €14.30 in aghaidh na seachtaine do lucht faighte Pinsean Easláin ar DFCanna faoi aois 66 iad
 - Méadú €13.30 in aghaidh na seachtaine do gach íocaíocht DFC eile
(Eanáir 2007)
- (Is le híocaíochtaí ar an ráta iomlán a bhaineann na méaduithe thuasluaite agus baineann méaduithe dá réir le daoine a mbíonn íocaíochtaí ar rátaí laghdaithe le fáil acu.)

FUINNEAMH

- Méadú €4 to €18 in aghaidh na seachtaine ar an ráta don Liúntas Náisiúnta Breosla
(Eanáir 2007)
- Méadú ó €51 go dtí €100 in aghaidh na seachtaine ar an tairseach ioncaim chun cáiliú do Liúntas Breosla

ATHRUITHE AR ÁSPC

- Méadú ó €440 go dtí €480 in aghaidh na seachtaine ar an tairseach maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte 2% a íoc, agus ar an tairseach bliantúil ó €22,880 go dtí €24,960
- Méadú ó €300 go dtí €339 in aghaidh na seachtaine ar an tairseach do ranníocaíocht ÁSPC an fhostaí
- Ranníocaíocht Sláinte 0.5% de bhreis á tabhairt isteach maidir le tuilleamh thar €100,100 in aghaidh na bliana
- Méadú €2,200, ó €46,600 go dtí €48,800 ar an uasteorainn tuillimh maidir le hÁSPC
- Cead ag lucht faighte Cúnamh Feirme ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh
(Eanáir 2007)

MÉALA

- Méadú €215, ó €635 go dtí €850, ar an Deontas Méala
- Méadú €1,300, ó €2,700 go dtí €4,000, ar an Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach é/i
(Lá na Cáinainnéise)

FEABHAS AR SHEIBHÍSÍ AGUS AR CHUMARSÁID

- **Feachtais um Fheasacht Teideal**
- **An Ghníomhaireacht um**

Thacaíocht Teaghlaigh

- Maoiniú breise €1.5m maidir le comhairliúchán um pósadh, méalaí agus leanaí agus seirbhísí eile

Eagraíochtaí do Chúramóirí

- Deontais aonuaire dár luach iomlán €500,000
(Le linn 2007)

SCEIDEAL NA MÉADUITHE

Eanáir

Méaduithe do lucht faighte na n-íocaíochtaí seo: Sochar/Liúntas Lucht Lorgtha Oibre, Sochar Tinnis/Máithreachais, Íocaíocht do Theaghlach Aontuiste, Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh, Cúnamh Feirme agus Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh.

Feabhra

Gheobhaidh lucht faighte íocaíochtaí áirithe fadtréimhseacha, mar shampla, Baintreacha, Curamóirí agus Easláin a gcuid méaduithe i lár Feabhra, in éineacht lena leabhair nua orduithe iníoctha, arna n-iarhdátú go hEanáir. Íocfar méaduithe maidir le híocaíochtaí áirithe fadtréimhseacha eile, mar shampla, Pínsin Stáit agus Liúntas Míchumais trí íocaíocht speisialta aonuaire i lár Feabhra chun íocaíochtaí 12 seachtain go deireadh an Mhárta a chlúdach, nuair a eiseofar leabhair nua orduithe iníoctha.

Aibreán

Geobhaidh custaiméirí Sochar Linbh a íoctar trí mhodhanna leictreonacha a gcuid méaduithe ina n-iomláine ó Aibreán 2007 amach.

Mí na Bealtaine

Geobhaidh custaiméirí Sochar Linbh ar íocaíochtaí trí leabhair a gcuid méaduithe trí íocaíocht speisialta i Mí na Bealtaine arna hiardhátú go hAibreán.

Uasrátaí in Aghaidh na Seachtaine

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Pinsean Stáit (Ranníocach)/(Eatramhach)

Faoi Aois 80 228,300

- Aois 80 agus thairis

Pinsean (Ranníocach) Baintrí/

Sochar Mná Céile Tréigthe 110,500

- Faoi Aois 66

- Aois 66 agus faoi Aois 80

- Aois 80 agus thairis

Pinsean Easláin 51,600

- Faoi Aois 65

- Aois 65 agus faoi Aois 80

- Aois 80 agus thairis

Sochar Cúramóra/Liúntas Buanfhreastail

Pinsean Buanmhíchumais 1,200

Sochar Lucht Lorgtha Oibre/Tinnis/Sláinte & Sábh/Gortú 50,400/ 66,200/ 1,100

Pinsean Deontas Báis 650

- Faoi Aois 66

- Aois 66 agus faoi Aois 80

- Aois 80 agus thairis

Íocaíochtaí um Chúnamh Leasa Shóisialaigh

Pinsean (Neamh-Ranníocach) Stá

- Aois 66 agus faoi Aois 80

- Aois 80 agus thairis

Liúntas Cúramóra

- Faoi Aois 66

- Aois 66 agus thairis

Pinsean Daill

Pinsean (Neamh-Ranníocach) Bai

Liúntas Mná Céile Tréigthe/do Bl

Íocaíocht do Theaghlach Aontuist

Liúntas Réamhscoir/Míchumais

Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh

Liúntas Lucht Lorgtha Oibre

Cúnamh Feirme

Liúntais Eile Leasa Shóisialaigh

Sochar Máithreachais/Uchtaithe – Íosráta 15,400

Íocaíocht (Ranníocach)/ (Neamh-Ranníocach) Caomhnóra 800/400

Ráta Pearsanta sa tSeachtain

Reatha Nua Méadú

€ € €

193.30 209.30 16.00

203.30 219.30 16.00

171.30 191.30 20.00

193.30 209.30 16.00

203.30 219.30 16.00

171.30 191.30 20.00

193.30 209.30 16.00

203.30 219.30 16.00

180.70 200.70 20.00

196.90 216.90 20.00

165.80 185.80 20.00

194.60 213.70 19.10

197.70 213.70 16.00

207.70 223.70 16.00

Liúntas do Dhuine Fásta Cáilithe

Reatha Nua Méadú

€ € €

128.80* 139.50* 10.70

149.30** 173.00** 23.70

122.20* 136.50* 14.30

149.30** 173.00** 23.70

110.00 123.30 13.30

Ráta Linbh

€

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

22.00

Forlíonadh Ioncam Teaghlach (FIS)

Líon an Teaghlach Teorainn Ioncaim Reatha Teorainn Ioncaim Nua

€ €

1 leanbh

465.00

480.00

2 leanbh

3 leanbh

4 leanbh

5 leanbh

6 leanbh

7 leanbh

8 leanbh

or more

510.00 550.00

565.00 625.00

630.00 720.00

705.00 820.00

775.00 910.00

845.00 1020.00

905.00 1090.00

Déantar FIS a ríomh mar 60% den difríocht idir ioncam glan seachtainiúil (.i. pá comhlán lúide Cáin, ÁSPC an Fhostaí, Ranníocaíocht Sláinte, Aoisliúntas) agus an uasteorainn ioncaim do do líon teaghlach.

Note:

*faoi 66

**66 nó thairis